# Comórtas Coimice, Seachtain na Gaeilge 2025

Téama: **"Dóchas"**

**Rialacha an chomórtais**

- Comórtas do scoláirí meánscoile atá ina gcónaí nó atá ag dul ar scoil i gContae Chill Dara is ea é seo.
- Is i nGaeilge is ceart don choimic a bheith (tá cead cúpla focal ó theangacha eile a úsáid má chuireann sé leis an scéal).
- Ba cheart an choimic a dhéanamh ar leathanach/leathanaigh A4. Ba cheart í a bheith idir 1 agus 4 leathanach ar fhad agus idir 2 agus 6 bhosca a bheith ar gach leathanach.
- Is féidir an dearadh a bheith daite nó i ndubh agus bán.
- Is féidir an dearadh a dhéanamh de lámh nó le bogearra, ach ní ceadmhach an intleacht shaorga (AI) a úsáid.
- Níl ach iontráil amháin ceadaithe ó gach iarratasóir.
- Ní mór ainm, rang agus scoil an iarratasóra a scríobh go soiléir ar gach iontráil.
- Ní mór do thuismitheoir/caomhnóir nó múinteoir a c(h)ead a thabhairt ar an bhfoirm iarratais d'iarratasóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Is é **31 Márta, 2025** an spriocdháta le haghaidh iontrálacha.
- Is iad Cill Dara le Gaeilge/Sult na Sollán a bheidh i bhfeighil ar an moltóireacht ar an gcomórtas.
- Ní mór clárú don chomórtas **anseo** agus is féidir an choimic:
  - a uaslódáil ar an suíomh céanna,
  - a fhágáil sa bhosca poist speisialta i do leabharlann áitiúil i gContae Chill Dara, nó
  - a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas: Cill Dara le Gaeilge, Comhlachas Tráchtála Chill Dara, Bóthar na Sollán, Nás na Ríogh, Co. Chill Dara W91 KV4H,
- Cuimhnigh má fhágann tú d'iontráil sa bhosca poist speisialta nó má chuireann tú sa phost é go gcaithfidh tú clárú don chomórtas **anseo** mar sin féin.

**Beidh an ceart ag Cill Dara le Gaeilge/Sult na Sollán na coimicí a úsáid mar ábhar poiblíochta amach anseo.**

Duaiseanna:

- 1ᵈ duais: Dearbhán €100,
- 2ʳᵃ duais: Dearbhán €60,
- 3ᵘ́ duais: Dearbhán €40.

*(Tá nasc chuig an bhfoirm iarratais ar Google ar fáil ar https://cilldaralegaeilge.ie/ )*

# Comórtas Coimice, Seachtain na Gaeilge 2025

Theme: ***"Dóchas | Hope"***

**Competition Rules**

- This competition is open to secondary school students who are living or attending school in County Kildare.
- The comic strip should be written in Irish (a few words from other languages can be used if it adds to the story).
- The comic strip should be presented on an A4 page/A4 pages. It should be between 1-4 pages in length with 2-6 boxes in the story.
- The design can be in colour or in black and white.
- The design can be created by hand, or with software, but the use of AI is forbidden.
- Entries are limited to one per person.
- The entrant's name, class and school must be included on each entry.
- A parent/guardian or teacher must give their permission on the form for entrants under the age of 18.
- Final entry date is the **31st March 2025.**
- Adjudication will be done by Cill Dara le Gaeilge/Sult na Sollán.
- Click **here** to register for the competition and you can either:
    - upload your picture at the same link,
    - leave your story in the special post box in your local library in Kildare, or
    - post your entry to the following address: Cill Dara le Gaeilge, Comhlachas Tráchtála Chill Dara, Bóthar na Sollán, Nás na Ríogh, Co. Chill Dara W91 KV4H.
- Remember, if you leave your submission in the special post box or if you post it in that you must still register at the link **here**.

**Cill Dara le Gaeilge/Sult na Sollán retains the right to use any submissions to this competition as promotional material in the future.**

Prizes:

- 1st prize: €100 voucher,
- 2nd prize: €60 voucher,
- 3rd prize: €40 voucher.

*(A link to the Google entry form is available on https://cilldaralegaeilge.ie/)*